
# Cruth agus spás: Cruth – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile


## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi chruth?

Bíonn cruthanna timpeall orainn gach aon lá. Pléann na páistí le cruthanna trína mbréagáin, sa spórt, trí litreacha agus uimhreacha a shainaithint, trí earraí tí, srl. Tacaíonn an cumas cruthanna agus a gcuid airíonna a shainaithint agus a thuiscint leis na páistí plé lena gcuid timpeallachtaí agus iad a eagrú. Bíonn cruthanna lárnach in go leor gairmeacha – baineann oibrithe tógála, ailtirí, dearthóirí grafacha, ealaíontóirí, innealtóirí, srl., úsáid as cruth agus céimseata. Trí phlé le cruthanna, tacaítear leis na páistí chun an mhatamaitic a nascadh le hábhair amhail ealaín agus eolaíocht, agus éiríonn leo a bheith níos feasaí ar áilleacht agus iontas na matamaitice.



### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM


- Tarraing aird ar chruthanna 2-T sna gnáthearraí timpeall an tí nó agus sibh amuigh, m.sh., *sainaithin cruth imlíneach pláta dinnéir, fuinneoige, nó liathróide peile*.
- Nuair atá do pháiste compordach le cruthanna 2-T, taispeáin cruthanna 3-T amhail ciúbanna, sféir, cóin agus sorcóirí dóibh. Cabhraigh leo an difríocht idir cruthanna 2-T agus 3-T a thuiscint trína gcur i gcomparáid ó thaobh a réidhe nó doimhneachta de.
- Tóg an páiste ar thóraíocht taisce cruthanna timpeall an tí nó sa phobal. Tabhair liosta cruthanna atá le haimsiú acu dóibh agus spreag iad leis na cruthanna a fheiceann siad i ngnáthearraí a shainaithint agus a ainmniú.
- Tabhair bailiúchán de ghnáthearraí do na páistí (m.sh., *leabhair, bréagáin, coimeádáin*) agus iarr orthu na hearraí a shórtáil bunaithe ar a gcruthanna. Spreag iad le cur síos a dhéanamh ar airíonna gach crutha agus iad á sórtáil.
- Cuir ábhair thógála cosúil le bloic nó taos súgartha ar fáil do na páistí agus cuir dúshláin rompu struchtúir a thógáil ag baint úsáid as cruthanna éagsúla. Spreag iad le triail a bhaint as cuir i gceann a chéile, a choimeád cothrom, agus a chur le chéile chun a gcuid dearaí a chruthú.
- Léigí leabhair a bhfuil cruthanna mar théama iontu agus fiosraígí acmhainní ar líne cosúil le físeáin oideachasúla agus cluichí idirghníomhacha a mhúineann nithe maidir le cruthanna 2-T agus 3-T. Déan na cruthanna agus a gcuid airíonna a phlé agus sibh i mbun fiosraithe.
- Gabh ar shiúlóid taobh amuigh agus spreag na páistí le breathnú amach do chruthanna sa nádúr (m.sh., *duilleoga, carraigeacha, scamaill*). Déan plé ar na cruthanna a aimsíonn siad agus ar an gcaoi a bhfuil siad cosúil nó éagsúil leis na cruthanna a bhfuil siad i ndiaidh foghlaim fúthu.
- Déan na páistí páirteach i ngníomhaíochtaí cócarála nó bácála ina mbaintear úsáid as comhábhar a bhfuil cruthanna éagsúla orthu (m.sh., *ceapairí a ghearradh ina dtriantáin, úsáid a bhaint as gearrthóirí briosca le cruthanna a dhéanamh*). Labhair ar na cruthanna agus tú i mbun cócaireachta agus ag fiosrú a gcuid airíonna.
- Dúshláin nó puzail a bhaineann le cruthanna a thabhairt do na páistí, mar shampla, puzail tangraim nó tascanna ina gcuirtear patrúin cruthanna i gcrích. Spreag iad le smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna réitigh fadhbanna a úsáid le teacht ar réitigh.




### LEABHAIR

- *Ship Shapes, Stella Blackstone*, 4+ bliana d'aois
- *The Perfect Fit*, Naomi agus James Jones, 4+ bliana d'aois
- *Captain Invincible and the Space Shapes*, Stuart J. Murphy, 6+ bliana d'aois
- *Hamster Champs, Stuart J. Murphy*, 7+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and the First Round Table*, Cindy Neuschwander, 9+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and the Great Knight of Angleland*, Cindy Neuschwander, 9+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and the Isle of Immeter*, Cindy Neuschwander, 9+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and the Dragon of Pi*, Cindy Neuschwander, 9+ mbliana d'aois


**Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt*





### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Mála/Bosca ina bhfuil cruthanna nach fios le brath
- Feicim le mo shúile beaga cinn
- Sórtáil Cruthanna (in éadan an chloig)
- Geochláir
- Puzail tangraim
- Bloic patrúin
- Foirne tógála céimseatúla
- Ciúbanna puzail
- Cluiche cuimhne cártaí 'Meaitseáil na Cruthanna'
- Tíleanna Magna




## AG FOGHLAIM AR LÍNE

- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet www.scoilnet.ie/primary/theme-pages/mathematics/
- Maths Week Ireland Parents' Zone www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/


***Téarmaí úsáideacha is féidir a chuardach ar líne:*** cruth, cruth agus spás, foghlaim, bunscoil, matamaitic, cruthanna 3-T, cruthanna 2-T, airíonna, fad, leithead, doimhneacht, uillinneacha, polagáin, eangacha, cluichí, gníomhaíochtaí

## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Tá cruth ar cheann de na gnéithe a úsáidtear le healaín a chruthú. Lig do na páistí samplaí de chruthanna a úsáidtear in ealaín ealaíontóirí ar nós Picasso, Matisse, Mondrian agus Kandinsky a iniúchadh agus a shainaithint.
- Cuir réimse páipéar siúcra daite agus cruthanna 2-T éagsúla a gearradh amach as páipéar nó leatháin chúir (ciorcail, cearnóga, triantáin, dronuilleoga, srl.) ar fáil do na páistí. Spreag iad le colláis a chruthú trí na cruthanna a eagrú agus a ghreamú ar phíosa mór páipéir chun pictiúr nó patrún a chruthú.
- Tabhair marla, taos súgartha nó ábhair athchúrsáilte (amhail tiúba cairtchláir, boscaí uibheacha agus claibíní buidéil) do na páistí agus cuir dúshlán rompu dealbha 3-T a chruthú ag baint úsáid as cruthanna céimseatúla éagsúla. Spreag iad le triail a bhaint as cuir i gceann a chéile, múnlú, agus a chur le chéile chun a gcuid píosaí dealbhóireachta a chruthú.
- Cruthaigh uirlisí stampála ag baint úsáid as cruthanna 2-T a gearradh amach as leatháin chúir nó spúinsí agus a ceanglaíodh le bloic adhmaid. Cuir péint agus páipéar ar fáil do na páistí agus lig dóibh triail a bhaint as cruthanna éagsúla a stampáil chun patrúin agus dearaí céimseatúla a chruthú.
- Cuardaigh ar líne le píosaí nó teimpléid tangraim dhigiteacha nó inphriontáilte a aimsiú agus cuir dúshlán roimh na páistí pictiúir nó ainmhithe a chruthú ag baint úsáid as na cruthanna tangraim.
- Is ionann mandalaí agus dearaí céimseatúla a bhfuil patrúin mhionsonraithe iontu a mbíonn cruthanna amhail ciorcail, cearnóga agus triantáin mar chuid díobh go minic. Cuardaigh ar líne chun teimpléid ghlana mandalaí nó páipéar ciorclach a aimsiú agus spreag na páistí lena gcuid mandalaí féin a chruthú ag baint úsáid as réimse cruthanna agus dathanna.
- Cuir teimpléid nó treoracha maidir le conas samhlacha páipéir a dhéanamh de chiúbanna, pirimidí, priosmaí, srl., ar fáil do na páistí. Is féidir leo na teimpléid a ghearradh amach, a fhilleadh ag na línte, agus na faobhair a ghreamú le chéile chun cruthanna 3-T a chruthú.
- Cuir tíleanna beaga daite nó cearnóga páipéir agus greille fholamh ar fáil do na páistí. Spreag iad le hiniúchadh a dhéanamh ar cé acu an dteisilíonn nó nach dteisilíonn na cruthanna. Cruthaigh mósáicí céimseatúla trí na tíleanna nó cearnóga a eagrú ar an ngreille ionas go gcruthaíonn siad patrúin nó pictiúir ag baint úsáid as cruthanna 2-T.



## DO CHUID SMAOINTE FÉIN





Arna fhorbairt i gcomhar le **Aaron Carroll, Múinteoir Bunscoile, Co. an Chláir**